Scéal Foghlama Samplach: Rinne mé é?

An 20 Iúil 2015

Bhí Derek (2 bhliain d'aois) ag féachaint ar an gcluiche amuigh *Connect 4*. Thug Mary (cleachtóir) faoi deara é agus thug sí sall cathaoir agus chuir in aice leis an bhfráma í. D'fhéach sé ar an gcathaoir agus diosca ina lámh aige, agus shuigh síos ar an gcathaoir ansin. Rinne sé é féin a ionramháil isteach ionas go raibh sé ina sheasamh ar an gcathaoir agus lig don diosca titim óna lámh isteach san fhráma *Connect 4*. Bhí an gliondar air le feiceáil ón aoibh ar a aghaidh agus óna chomharthaíocht choirp. Lean sé air á dhéanamh sin, agus níor stad ach chun a lámh a chroitheadh ar a chairde ag imeacht thar bhráid ar a dtrírothaigh. Dhreap sé in airde ar an gcathaoir ansin chun seasamh (gan suí síos ar dtús). An chéad uair eile fuair sé dhá dhiosca agus dhreap in airde agus lig dóibh titim isteach. Bhí sé an-chúramach agus é ag dul in airde agus ag teacht anuas. Chaith sé breis is 20 nóiméad ag gabháil dó seo.



Foghlaim agus forbairt

Bhí muinín ag Derek as féin, bhí sé buanseasmhach agus neamhspleách agus sásta dul sa tseans. Rinne sé féinmheasúnacht ar an riosca agus é ag dul in airde agus ag teacht anuas. Thug sé a dhúshlán féin agus fuair sé dhá dhiosca nuair a bhí máistreacht faighte aige ar an dreapadóireacht. D'úsáid sé a scileanna féin chun fadhbanna a réiteach agus bhí forbairt ag teacht ar a dheaslámhacht freisin.

Naisc le *Aistear*

Folláine, Aidhm 2, LG 3 (aimsigh, déan taiscéaladh agus beachtaigh scileanna oll-luaileacha agus mínluaileacha) agus LG 5 (léirigh dea-bhreithiúnas agus rioscaí á nglacadh).

Folláine, Aidhm 4, LG 2 (braistint máistreachta agus féinmhuiníne a léiriú as a chumas féin agus méin foghlama a léiriú amhail diongbháilteacht agus buanseasmhacht).

Na chéad chéimeanna eile

- Deiseanna dreapadóireachta níos mó a thabhairt do Derek.
- Déan deimhin de go mbeidh *Connect 4* lasmuigh arís.
- Caithfimid seasamh siar agus muinín a bheith againn as mar tá a chumas féinmheasúnacht a dhéanamh feicthe againn.

Cleachtóir: *Mary Kelly*